

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

Polasaí um Chaomhnú Leanaí

Cuireadh an doiciméad seo le chéile de bharr athruithe le déanaí ar achtú agus tógann sé na píosaí achtú a leanas san áireamh

- An tAcht um Shaoraíl Faisnéise 1997
- An tAcht Oideachais 1998
- An tAcht um Chúram Leanaí 2000
- Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus um Chúram Leanaí 2011.

Tá an mhodh oibre nua bunaithe ar Leanaí ar dtús – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus um Chúram Leanaí 2011.

Tagairtí

- ‘Tús Áite do Leanaí’ (Roinn Sláinte agus Leanaí 1999)
- ‘Our Children Our Church’ (CORI 2005)
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2001
- Foinsí ar pholasaithe tríd an idirlíon

Glacann an Bord Bainistíochta (BB) go gcaithfear aird a thabhairt do chaomhnú agus do chúram leanaí i ngach gné de shaol na scoile agus dá réir , go bhfuil sé riachtanach go mbeadh sé le feiceáil i ngach ceann de pholasaithe, de chleachtaí oibre agus de ghníomhachtaí na scoile. Mar sin, de réir riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Cur Chuige um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus d’Iarbhunscoileanna, aontaíonn BB Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc leis an bpolasaí chaomhnú leanaí seo a leanas.

Tá glactha ag an mBB agus cuirfear i bhfeidhm go hiomlán agus gan athrú, Beartas um Chaomhnú Leanaí na Roinne do Bhunscoileanna agus d’Iarbhunscoileanna mar chuid den pholasaí um chaomhnú leanaí iomlán seo.

‘Sí Aingeal Uí Dhálaigh an tIdirghabhláí Ainmnithe (IA).

‘Sí Treasa Uí Néill an Leas Idirghabhláí Ainmnithe (LIA).

Cloífidh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc le prionsabail den chleachtadh is fearr maidir le caomhnú agus cúram leanaí ina polasaithe, ina cleachtaí agus ina gníomhachtaí. Glacann an scoil go bhfuil tabhacht os cionn gach ní ag cosaint agus cúram leanaí agus déanfar príomhchúram de sna slite seo a leanas

- Comhoibriú iomlán a dhéanamh leis na huadaráis fhoraíl chuí maidir le cúrsaí chaomhnú agus chúram leanaí
- Deachleachtais shábhailte a úsáid a chabhródh a laghad dochair nó timpistí do leanaí agus oibrithe a chosaint ó shuíomhanna go mbeadh an baol ann go bhféadfaí a chur ina leith go raibh mí-úsáid nó faillí á ndéanamh acu
- Oscailteacht a chothú le tuismitheoirí agus tuismitheoirí a spreagadh chun a bheith páirteach in oideachas a bpáistí
- Meas iomlán a thaispeáint maidir le rúndacht i gcásanna chaomhnú leanaí
- Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas agus iad ag plé le duine fásta ar bith le leochaileacht speisialta

Beidh aird dírithe ar an bpolasaí seo Caomhnú Leanaí i bpolasaithe scoile eile m.sh. Cód Iompraíochta , Frith Bhulaíocht, Asláithreacht Pháistí agus Polasaí Feitheoireachta. Tabharfar aird don pholasaí seo freisin maidir le rannphártaíocht na bpáistí i gcúrsaí spóirt, gníomhachtaí iarscoile agus turasanna. I gcásanna eile go mbeadh gá aird a thabhairt ar chúrsaí chaomhnú leanaí, cloífear leis na cleachtais mar atá leagtha amach sa pholasaí seo. Tá an BB tar éis a chinntiú go bhfuil na polasaithe agus cleachtais chuí i bhfeidhm maidir leis na nithe thuasluaite.

Tá an polasaí seo curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus do Choiste na dTuismitheoirí agus tá sé ar fáil do thuismitheoirí ar shuíomh idirlín na scoile nó mar chóip chrua ach é a lorg. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don phátrún má lorgáítear é.

Idirghabhálaí Ainmnithe (IA)

I nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, 'sí Aingeal Uí Dhálaigh, príomhoide na scoile, atá ainmnithe ag an mBB mar IA. 'Sí Treasa Uí Néill an Leas IA. Déanfaidh an bheirt mhúinteoir oiliúint le CAPP (Child Abuse Protection Programme) chomh luath agus is féidir. Cuireann CAPP oiliúint ar fáil do phobal iomlán na scoile (foireann, tuismitheoirí agus Boird Bhainistíochta) sa chlár Fan Slán.

Tá freagracht ar leith ar an tIA maidir le caomhnú leanaí agus 'sí a dhéanfaidh teangmháil leis an mBord Sláinte, An Garda Síochána agus páirtithe eile maidir le cásanna ina bhfuil mí-úsáid pháistí i gceist. 'Sí an tIA a bheidh ag deighleáil le gach gné den phróiseasú nó den fhiosrú i mí-úsáid leanaí.

Tá tuilleadh eolais faoi fhreagrachtaí an IA ar lch 8, Roinn 2.2 de ‘Caomhnú Leanaí’ (ROE 2001).

Gníomhaíonn an tAI i gcásanna ina bhfuil cúiseanna réasúnta chun a bheith amhrasach nó nuair atá líomhain déanta de réir mar atá luaite i ‘Caomhnú Leanaí’ (ROE 2001, lch 11-12)

Rúndacht

Ba chóir aon bhuaireanna faoi sheans ar mhí-úsáid linbh a choiméad faoi rún nó a roinnt nuair is gá amháin, ar mhaithe leis an leanbh. Ní briseadh rúndachta é má roinntear eolas leo siúd a gcaithfidh an t-eolas sin a bheith acu. Is chun an leanbh go raibh nó go bhfuil seans go raibh mí-úsáid bainte as a chosaint atá an cur chuige seo i bhfeidhm. Ba chóir go gcuirfeadh an tIA an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas go bhfuil tuairisc a chur chuig an Roinn Sláinte nó an Garda Síochána ach amháin dá mba rud é go gcuirfeadh sé seo an leanbh i mbaol nó i mbreis baoil. Má dhéantar coinne gan an tuismitheoir/caomhnóir a chur ar an eolas, ba chóir cuntas gearr a choiméad ag míniú na gcúiseanna leis an gcinneadh sin.

I gcásanna éigeandála, nuair nach féidir teangmháil a dhéanamh leis an mBord Sláinte agus nuair atá an cuma air go bhfuil an leanbh i mbaol práinneach, ba chóir dul i dteangmháil leis an Garda Síochána láithreach. Ní cóir leanbh a fhágáil i suíomh dainséarach agus é ag fanacht le hidirghabháil ón mBord Sláinte.

Cosaint dóibh siúd ag Tuairisciú Chásanna Mhí-Úsáid Leanaí

Tá cosaint ó dhliteanas sibhialta dóibh siúd atá ag tuairisciú chásanna mhí-úsáid leanaí ‘go reasúnta agus de mheon macánta’ chuig oifigigh ainmnithe an Bhoird Sláinte nó an Garda Síochána, ar fáil san Acht Mhí-Úsáid Leanaí 1998, féach ‘Caomhnú Leanaí’ ROE 2001, lch 6).

Pribhléid Cháilithe

Faoin dlí chomónta, tá pribhléid cháilithe acu siúd a dheanann tuairisciú de mheon macánta chuig an tIA, féach ‘Treoirínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Paistí’ (ROE 2001, lch 6). D’fhéadfaí eolas faoin tuairisciú chuig an Bord Sláinte a lorg tríd an Acht um Shaoráil Faisneise, 1997. Cuireann an tAcht seo ar chumas dhuine a bhfuil eolas príobháideach fúthu ina seilbh ag comhlacht poiblí teacht ar an eolas sin. De réir an Achta freisin áfach, is féidir leis an gcomhacht poiblí diúltiú eolas a bhí tugtha dóibh faoi rún a thabhairt.

Sainmhíniú agus Aithint Mhí- Úsáid Leanaí

Is féidir mí-úsáid leanaí a roinnt i gceithre rannóg éagsúil

- Faillí
- Mí-úsáid mhothúchánach
- Mí-úsáid fhisiciúil
- Mí-úsáid ghnéasach

Tá sainmhíniú iomlán ar gach ceann de na rannóga seo i ‘Tús Áite do Leanaí’ (Roinn na Sláinte is na Leanaí 1999, lch 31-33) ach do pholasaí seo, tugtar aird do shainmhíniú ar ‘fhaillí’ mar a bhfuil curtha síos air thíos.

Is féidir sainmhíniú a dhéanamh ar fhaillí i dtéarmaí *easpa*, nuair a dhéantar dochar sontasach nó lagú ar a fhorbairt toisc easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, gríosadh inteallachta, féitheoireachta nó slandála, gaolmhaireacht le nó gearr ó dhaoine fásta, cóir leighis.

Treoirínte chun Mí-Úsáid Leanaí a Aithint

Tá liosta de chomharthaí mhí-úsáid leanaí le fáil ar Aguisín 1 ‘Tús Áite do Leanaí’ (RSL 1999, lch 31-33). Tarraingíonn an polasaí seo aird ar Leith ar ‘fhiainise leanúnach’ d’fhaillí, comharthaí ar nós easpa lóin, easpa éide scoile, easpa obair bhaile, droch láthaireacht, fadhbanna sláinte leanúnacha, easpa codlata a léiríonn go mbíonn an leanbh ag féachaint ar an teilifís go déanach san oíche agus fiainise eile a léireodh easpa feitheoireachta sa bhaile. Ba chóir scrúdú a dhéanamh ar na comharthaí agus ar na siomptóim go léir i gcomhthéacs iomlán chuinsí an linbh agus a chlainne.

Tá trí chéim in aithint mhí-úsáid linbh de gnáth:

1. Ag breathnú ar an bhféidearthacht
2. Ag faire amach do chomharthaí den mhí-úsáid
3. Ag taifeadh an eolais.

Tá forbairt déanta ar gach ceann de na céimeanna seo i ‘Tús Áite do Leanaí’ (RSL 1999, lch 34-35).

Ag Deighleáil le Fáisnesithe ó Leanaí

Déanann ‘Caomhnú Leanaí’ (ROS 2001, lch 9) cur síos cuimsitheach ar conas mar ba chóir deighleáil le faisnéisithe. Moltar go bpléifeadh foirne go mothálach le gach cás, go dtabharfaí tacaíocht don leanbh ach gan geallúintí nach féidir a choiméad a thabhairt dó.

Ní cóir don duine fásta ceistanna a d’fhéadfadh treo a thabhairt don chomhrá agus ní cóir féidearthachtaí a lua. Ba chóir dóibh a mhíniú go bhfuil seans ann go gcaithfí a thuilleadh cabhrach a lorg. Ba chóir tuairisc chruinn a choiméad den chomhrá seo.

Ba chóir go mbeadh tagairt sa tuairisc seo ar na nithe a tugadh faoi deara le léaráidí d'aon ghortú fisiciúil más gá. Ba chóir go gcoiméadfaí tuairisc freisin den áit inar tharla an eachtra atá líomhnaithe freisin. Ba chóir na tuairiscí a choiméad in áit shlán. Ba chóir ansin an tIA a chur ar an eolas faoin scéal.

Má tá an duine a ghlac an tuairisc agus an tIA sásta go bhfuil cúiseanna réasúnta don amhras/líomhain, cloífead leis an gcur chuige mar atá leagtha amach i 'Leanaí ar dTús' (ROL, lch 38). Ba chóir foirmeacha tuairisce caighdeánacha a úsáid (Aguisín 1). Ba chóir go gcloífead leis na treoirlínte ar lch 39 maidir le hábhar na tuairisce. Cuirfead Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ar an eolas faoi sula rachaidh an tIA i dteangmháil leis na huadaráis chuí.

Líomhaintí nó Amhras maidir le Fostaithe na Scoile

Tugann an Cathaoirleach agus an tIA túsáite do chosaint na bpáistí atá faoina gcúram. É sin ráite, caithefear cosaint a thabhairt d'fhostaithe na scoile ar líomhaintí bréagacha agus mailíseacha. Ba chóir go lorgodh an bord comhairle dleathach maidir leis an bhfostaí. Más in aghaidh IA atá an líomhaint déanta, glacfaidh an Cathaoirleach leis an bhfreagracht as tuairisc a chur go dtí an Bord Sláinte faoin scéal.

Tuairisciú

Nuair atá líomhaint déanta in aghaidh fhostaí scoile, ba chóir go gcloífeadh an tIA leis na treoirlínte mar atá leagtha síos i 'Caomhnú Leanaí' (ROS 2001, lch 11). Ba chóir go n-iarrfaí ar an duine/gníomhacht atá ag tabhairt na tuairisce, ráiteas scríofa a thabhairt. Is féidir le tuismitheoir/ caomhnóir an ráiteas a thabhairt ar son pháiste. Ba chóir don IA Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta a chur ar an eolas faoi gach cás.

Taobh amuigh den IA, ba chóir d'fhostaithe na scoile a fhaigheann líomhaintí faoi fhostaí eile sa scoil tuairisc láithreach a thabhairt don IA. Ba chóir go rachadh fostaithe i dteangmháil leis an IA má bhíonn amhras orthu maidir le hiompar fhostaí eile na scoile. Ba chóir tagairt a dhéanamh don chur chuige mar atá leagtha amach i 'Caomhnú Leanaí' (ROE 2001, lch 16).

Ba chóir go gcuirfeadh an Cathaoirleach agus an tIA an fostaí ar an eolas go príobháideach:

- a. Go bhfuil líomhaint curtha ina leith
- b. An saghas líomhaint atá i gceist
- c. Má tá scéal curtha chuig an Bord Sláinte nó na Gardaí.

Ba chóir go dtabharfaí cóip den líomhaint scríofa agus aon cháipéisí cuí eile a thabhairt don bhfostaí. Ba chóir go n-iarrfaí ar an bhfostaí freagra scríofa a thabhairt don BB ar an líomhaint laistigh de thréimhse áirithe ama agus iad a chur ar an eolas go bhféadfaí an freagra seo a chur ar aghaidh chuig na Gardaí, an Bord Sláinte agus comhlóirí dleathacha.

Caithfidh an Cathaoirleach céimeanna cuí a thógáil chun an páiste a chosaint agus is féidir leis/léi dul i gcomhairle leis an BB faoi seo. Is féidir leis an BB iarraidh ar an bhfostaí sos riaracháin le pá a thógáil agus gan a bheith ar fionraí, i slí a bhainfidh impleacht ciontachta ar bith den chás. Ba chóir go gcuirfí an ROS ar an eolas faoi seo láithreach.

Ba chóir cloí leis an gcur chuige ina dhiaidh sin mar atá leagtha amach i ‘Treoirínte agus Cleachtadh um Chaomhnú Leanaí’(Ich 17).

Iarrachtaí Scoile Chun Cosaint a Dhéanamh ar Leanaí Faoinár gCúram

Glacaimid le cur chuige ciallmhar chun cosaint a thabhairt do leanaí na scoile agus dóibh siúd a thugann aire dóibh. Maidir leis seo, ba chóir aird a thabhairt do roinnt pointí.

1. Cuirfidh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc an clár ‘Fan Slán’ i bhfeidhm go hiomlán.
 2. Cuirfear cóip de Pholasaí Chaomhnú Leanaí na scoile ina bhfuil an tIA agus an leas IA ainmnithe ar fáil d’fhoireann iomlán na scoile agus do Choiste Tuismitheoirí na scoile agus beidh sé ar fáil go héacs do thuismitheoirí ach é a lorg.
 3. Tá ainm an IA agus seirbhísí tacaíochta cuí ar taispeáint go hoscailte in aice le príomhdhoras na scoile.
 4. Chomh maith leis na huadaráis scoile a chur ar an eolas faoi chásanna ina bhfuil tuairisc curtha go dtí an Bord Sláinte faoi leanbh sa scoil, cuirfidh an tIA ar an eolas iad freisin faoi chásanna inar lorg an tIA comhairle ón mBord Sláinte agus mar thoradh ar an gcomhairle seo, nár cuireadh tuairisc ar aghaidh. Ag gach cruinniú den BB, cuirfidh an príomhoide an bord ar an eolas faoi líon na gcásanna seo agus clárófar é seo i mionthuairiscí an chruinnithe.
 5. Déanfaidh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc athbhreithniú bliantiúil ar Pholasaí um Chaomhnú Leanaí agus conas mar a chuirtear i bhfeidhm sa scoil é. Bainfear úsáid as an liosta seiceála atá ar fáil in Aguisín 1 agus an t-athbhreithniú seo á dhéanamh. Déanfaidh BB na scoile deimhin de go bhfuil foireann na scoile ar an eolas maidir le hathbhreithniú atá déanta. Cuirfear Coiste na dTuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn maidir le hathbhreithniú atá déanta. Coiméadfar cuntas ar an athbhreithniú agus ar a thoradh agus beidh sé ar fáil do phátrún na scoile agus don ROS má lorgáitear é.
- Ba chóir deimhin a dhéanamh de go bhfuil beirt fásta i láthair i gcónaí nuair ata páistí ag dul ag snámh ón scoil. Ba chóir feitheoireacht mhaith a dhéanamh ar na seomraí feistis agus ar limistéar na linne.
 - Ní cóir do bhall foirne ar bith a bheith i seomra/stór le páiste aonair nach bhfuil pána gloine glé ar an doras nó an príomh dhoras ar oscailt más leithreas atá i gceist.
 - Ba chóir do leanaí oibriú i ngrúpaí más féidir.
 - Tabharfaidh Cúntóir Riachtanaisí Speisialta, a raibh scagthastáil déanta orthu nuair a fostaíodh sa scoil iad, cúnamh leithris más gá do leanaí a bhfuil máchaill fhisiciúil orthu. **(Féach Polasaí Aire Phearsanta agus Leithris)**

Ba chóir cuimhneamh go bhféadfadh leanaí le máchaillí a bheith i mbaol mhí-úsáide níos mó ar cúiseanna éagsúla (féach an liosta ar Ich 99 de ‘Treoirínte Thús Áite do Leanaí’). Ba chóir do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do gach ball foirne a bhfuil baint acu le seirbhísí do leanaí le máchaillí a bheith ar an eolas faoi na comharthaí mí-úsáide agus a bheith aireach do na comharthaí sin.

